# CINNEADH (AE) 2023/1967 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

## an 10 Bealtaine 2023

## maidir le dúnadh chuntais Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair (ComhghnóthasSESAR roimh an 30 Samhain 2021) don bhliain airgeadais 2021

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chuntais bhliantúla chríochnaitheach Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair don bhliain airgeadais 2021,

— ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le Comhghnóthais AE don bhliain airgeadais 2021, agus freisin do na freagraí ó na Comhghnóthais ([1]),

— ag féachaint don ráiteas dearbhaithe ([2]) i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2021, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 28 Feabhra 2023 maidir le hurscaoileadh a dheonú don Chomhghnóthas i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2021 (06252/2023 – C9-0114/2023),

— ag féachaint d'Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ([3]), agus go háirithe Airteagal 71 de,

— ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 219/2007 ón gComhairle an 27 Feabhra 2007 maidir le Comhghnóthas a bhunú chun glúin nua an chórais Eorpaigh um bainistíocht aerthráchta (SESAR) ([4]) a fhorbairt, agus go háirithe Airteagal 4b de,

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoin gclár Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2 ([5]), agus go háirithe Airteagal 26 de,

— ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/887 ón gCoimisiún an 13 Márta 2019 maidir leis an samhail rialachán airgeadais do chomhlachtaí comhpháirtíochta príobháidí poiblí dá dtagraítear in Airteagal 71 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]),

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-2023),

1. ag formheas dhúnadh chuntais Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair don bhliain airgeadais 2021;

([1]) IO C 433, 15.11.2022, lch. 52.
([2]) IO C 399, 17.10.2022, lch. 240.
([3]) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
([4]) IO L 64, 2.3.2007, lch. 1.
([5]) IO L 427, 30.11.2021, lch. 17.
([6]) IO L 142, 29.5.2019, lch. 16.

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur chuig Stiúrthóir Feidhmiúcháin Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí agus a shocrú go ndéanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

*An tUachtarán*
Roberta METSOLA

*An tArd-Rúnaí*
Alessandro CHIOCCHETTI